Imlitir 0107/2006

Chuig: Boird Bhainistíochta na Meánscoileanna, na bPobalscoileanna agus na Scoileanna Cuimsitheacha, agus Príomhfheidhmeannaigh na gCoistí Gairmoideachais

# Iasacht múinteora ag fostóir eile

Is mian leis an Aire Oideachais agus Eolaíochta aird na mBord Bainistíochta agus na múinteoirí i meánscoileanna, pobalscoileanna agus scoileanna cuimsitheacha agus i scoileanna na gCoistí Gairmoideachais a dhíriú ar mhionsonraí scéime iasachta faoina dtéann múinteoir ar iasacht chuig fostóir eile.

Bheimis buíoch díot as cóip den imlitir seo a sholáthar d'ionadaithe cuí na dtuismitheoirí agus na múinteoirí le scaipeadh ar na múinteoirí agus na tuismitheoirí indibhidiúla.

Is féidir teacht ar an Imlitir seo ar láithreán gréasáin na Roinne faoi www.education.ie Baile – Foireanna Scoile – Iarbhunoideachas – Imlitreacha agus Leabhráin Eolais – Riarachán Ginearálta.

Ba cheart gach fiosrú faoin imlitir seo a chur le ríomhphost chuig: pptpersonnelpolicy@education.gov.ie

Anne Killian
Príomhoifigeach
Iúil 2006

## 1. Túseolas

1.1 Soláthraíonn an próiseas iasachta deis d'eagraíochtaí seachtracha duine a bhfuil speisialtacht ar leith aici/aige a cheapadh go gearrthéarmach nuair féidir duine oiriúnach a cheapadh tríd an ghnáthphróiseas ceapacháin.

1.2 Dearadh an scéim chun go bhféadfaí múinteoir a shannadh go sealadach i bpost folamh in eagraíocht sheachtrach mar a rachadh an obair a bheadh á déanamh ag an múinteoir ar iasacht chun sochair go soiléir don chóras oideachais agus/chun leasa an phobail i gcoitinne.

1.3 Níor mhór do scoileanna staid beartais a cheapadh maidir le hiarratais iasachta faoina dtabharfaí tús áite do riachtanais leasa agus oideachasúla na ndaltaí thar aon éileamh eile.

## 2. Míniúcháin.

2.1 Socrú is ea **iasacht** a éascaíonn sannadh múinteora ar bhonn sealadach go post gearrthéarmach in eagraíocht sheachtrach.

2.2 **Iasachtaí** a thugtar ar fhostaí atá sannaithe go sealadach faoi théarmaí shocrú foirmiúil iasachta.

2.3 **Údarás na Scoile** is ea príomhfhostóir an iasachtaí roimh an iasacht.

2.4 **Ósteagraíocht** is ea fostóir an iasachtaí chun críche agus le haghaidh tréimhse na hiasachta.

2.5 **An Roinn** is ea an Roinn Oideachais agus Eolaíochta.

2.6 **An CG** is ea an Coiste Gairmoideachais.

2.7 **Gníomhaire íocaíochta** is ea an Roinn nó an CG mar is cuí.

## 3. Incháilitheacht.

3.1 Tá múinteoirí i meánscoileanna deonacha, gairmscoileanna, pobalscoileanna agus i scoileanna cuimsitheacha cáilithe le haghaidh iasachta ach iad a bheith fostaithe ar bhonn buan nó ar chonradh de thréimhse éiginnte agus a dtréimhse promhaidh a bheith tugtha chun críche go rathúil acu, mar aon le tréimhsí ionduchtúcháin, nuair ba ghá.

3.2 Caithfidh iasacht a bheith bunaithe ar chomhaontú frithpháirteach idir an múinteoir, údarás na scoile agus an ósteagraíocht.

3.3 Maidir le socrú iasachta caithfear
(a) a léiriú go mbeidh sé ina shochar soiléir don chóras oideachais agus/nó chun leasa an phobail
(b) tréimhse na hiasachta a shonrú go cruinn agus
(c) a shonrú go bhfillfidh an t-iasachtaí ar údarás na scoile ag deireadh an téarma socraithe.

## 4. Gnáthaimh Iarratais.

4.1 Is é údarás na scoile a thionscnóidh iasacht tríd an fhoirm iarratais a eiseoidh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta ó am go chéile a chomhlánú[1] . Cuirfidh údarás na scoile an fhoirm iarratais ar aghaidh go dtí an Roinn/Coiste Gairmoideachais faoin 1ú Bealtaine i mbliain ar bith mar is cuí in éineacht le:

(a) aontú scríofa an iasachtaí leis an iasacht agus, nuair is cuí, le nochtadh sonraí a t(h)uarastail ag an ngníomhaire íocaíochta leis an ósteagraíocht.
(b) an gealltanas agus an ráthaíocht scríofa atá leagtha amach i roinn 13 thíos.
(c) cead scríofa an Bhoird Bhainistíochta i scoil an iasachtaí.
(d) mionchuntas ar an obair a bheidh á déanamh ag an múinteoir, a chumasóidh don Roinn/CG, mar is cuí, a chinneadh go soiléir cad é an sochar a bheidh ann don chóras oideachais agus/nó conas a rachaidh an iasacht chun leasa an phobail.

4.2 Beidh ceadú na Roinne/CG ag brath ar é a bheith sásta go rachaidh an obair a bheidh i gceist chun sochair go soiléir don chóras oideachais agus/nó chun leasa an phobail agus nach mbeidh aon chostas breise ar an Roinn/CG dá bharr. Cuirfear an cinneadh in iúl i scríbhinn d'údarás na scoile agus don ósteagraíocht.

4.3 Féadfaidh údarás na scoile síneadh a lorg leis an iasacht tríd an fhoirm iarratais forordaithe a chomhlánú agus a chur ar aghaidh go dtí an Roinn/CG roimh an 1ú Bealtaine.

**5. An tréimhse a mhairfidh socrú iasachta.**

5.1 Chun cur isteach ar obair na scoile a sheachaint, is í an íostréimhse a cheadófar iasacht lena haghaidh ná bliain scoile amháin ag tosú ar 1 Meán Fómhair agus ag críochnú ar an 31 Lúnasa dar gcionn. I gcásanna eisceachtúla, mar a dtosaíonn iasacht i ndiaidh 1 Meán Fómhair, tiocfaidh deireadh leis an tréimhse iasachta an 31 Lúnasa dar gcionn.

5.2 I gcás go mbeidh gá le seirbhísí an iasachtaí ar feadh tréimhse is faide ná bliain scoile amháin féadfar síntí incriminteacha de bhliain iomlán amháin a chur leis an tréimhse. I gcásanna mar sin beidh an ceadú faoi réir na dteorainneacha seo a leanas a gcaithfear cloí leo:

(a) Uastréimhse de dheich mbliana scoile d'iasachtaithe go cláir náisiúnta arna cheadú ag an Roinn;
(b) Uastréimhse de naoi mbliana scoile d'iasachtaithe go Scoileanna Eorpacha faoi réir théarmaí agus choinníollacha ceapacháin sna scoileanna sin;
(c) Uastréimhse de chúig bliana scoile do gach iasacht i ngach cás eile.

(1) Is féidir na foirmeacha forordaithe a íoslódáil ó láithreán gréasáin na Roinne ag www.education.gov.ie

5.3 I gcás iasachta go clár náisiúnta arna cheadú ag an Roinn, is féidir go n-aontódh an t-iasachtaí, údarás na scoile, an ósteagraíocht agus an Roinn/CG tréimhse iomlán na hiasachta ag tús an tsocruithe iasachta.

5.4 Gan dochar d'alt 5.3, beidh sé de cheart ag údarás na scoile, tar éis fógra réasúnta a thabhairt don ósteagraíocht agus don iasachtaí, deireadh a chur leis an iasacht le cinntiú go dtugtar tús áite do riachtanais oideachasúla na scoile.

5.5 I gcás go leanann iasachtaí ar aghaidh mar fhostaí de chuid na hósteagraíochta i ndiaidh an spriocdháta a leagtar amach san imlitir, glacfar leis go bhfuil sí/sé tar éis éirí as a p(h) múinteoireachta.

**6. Oibriú na scéime.**

6.1 Ní bheidh dul thar chinneadh údarás na scoile iarratas ar iasacht a dhiúltú.

6.2 Forchoimeádfaidh údarás na scoile an ceart deireadh a chur le hiasacht má bhíonn deacrachtaí aige ag líonadh an phoist fholaimh ina dhiaidh sin nó mar a n-éilíonn riachtanais an údaráis scoile é ar chúis eile.

6.3 Caithfidh údarás na scoile a chinntiú, nuair is cuí, gur féidir múinteoir cáilithe a fháil in ionad an iasachtaí.

6.4 Sa chás eiseachtúil go rachadh Príomhoide ar iasacht i gcás nach bhféadfaí Príomhoide Gníomhach a fháil laistigh d'údarás na scoile, féadfar Príomhoide Gníomhach a fháil tríd na gnáthmhodhanna ceapacháin agus í/é a thógáil ar iasacht ó scoil eile chun gníomhú mar Phríomhoide fad a bheidh an Príomhoide atá sa phost as láthair.

6.5 Breithneoidh an Roinn líonadh an phoist ag múinteoir láncháilithe do thréimhse na hiasachta. San áireamh sa bhreithniú seo beidh (a) an sochar oideachasúil/poiblí a gheofar ón socrú iasachta agus (b) líon na foirne in údarás na scoile.

6.6 D'fhéadfadh sé go mba mhian le hiasachtaí atá le dul ar an bpainéal athlonnaithe a c(h)earta painéil a chur siar chun dul isteach i socrú iasachta. Is í cúig bliana scoile an uastréimhse lenar féidir le múinteoir ar iasacht a c(h)earta painéil a chur siar.

**7. Scéim maoirseachta/ionadaithe.**

7.1 Ní bheidh iasachtaí i dteideal a bheith rannpháirteach sa scéim maoirseachta/ionadaithe do thréimhse na hiasachta.

**8. Scéim Pinsean.**

Beidh an tréimhse iasachta inphinsin de réir na rialacha pinsin a rialaíonn fostaíocht sa phost substainteach, i. an post múinteoireachta, faoi réir íocaíocht na ranníocaíochtaí cuí pinsin.

**9. Poist Fhreagrachta fad a bhítear ar iasacht.**

9.1 Ní bheidh aon tionchar ar rannpháirtíocht i socrú iasachta ar shinsearacht an iasachtaí ina scoil féin agus cuirfidh an t-údarás bainistíochta fógra chuici/chuige maidir le haon phost freagrachta a d'fhéadfadh a bheith folamh sa scoil le linn a hiasachta.

9.2 I gcás go gceaptar an t-iasachtaí i bpost folamh freagrachta le linn na hiasachta,

a) <u>ní</u> íocfar an liúntas cuí freagrachta leis an múinteoir seo go dtí go bhfilleann sí/sé ar a post múinteoireachta sa scoil;
b) féadfar an post folamh freagrachta a líonadh ar bhonn sealadach do thréimhse na hiasachta.

9.3 Líonfar post freagrachta arna fhágáil ag iasachtaí, agus atá laistigh de chuóta na scoile, ar bhonn sealadach do thréimhse na hiasachta.

**10. Cead Neamhláithreachta fad a bhítear ar iasacht. (seachas saoire bhreoiteachta)**

10.1 Forchoimeádfaidh iasachtaithe a dteideal ar chead reachtúil neamhláithreachta (m.sh. saoire máithreachais, uchtaithe, tuismitheora etc.)

10.2 Is faoin iasachtaí agus faoin ósteagraíocht a bheidh sé socrú a dhéanamh (uimhir laethanta, etc.) do cheadú aon neamhláithreachta, cibé íoctha nó neamhíoctha. Ach ní ceadmhach na teorainneacha a bhaineann le saoire bhliantúil mar mhúinteoir a shárú.

**11. Saoire bhreoiteachta fad a bhítear ar iasacht.**

11.1 Is faoin ósteagraíocht a bheidh sé téarmaí a chinneadh do chead breoiteachta do thréimhse na hiasachta. Ach ní ceadmhach na teorainneacha a bhaineann le saoire bhreoiteachta íoctha i gcomhthéacs thuarastal incriminteach an mhúinteora, a shárú.

11.2 Caithfidh an ósteagraíocht taifead a choimeád den saoire bhreoiteachta a thógann an t-iasachtaí agus é a chur ar aghaidh chuig údarás na scoile le cur san áireamh i dtuairisceán neamhláithreachtaí na scoile sin leis an ngníomhaire íocaíochta.

**12. Múinteoirí ar iasacht atá ag íoc ÁSPC aicme A.**

12.1 I gcás go n-íocann múinteoir ar iasacht ÁSPC Aicme A is faoin eagraíocht a mbeidh an múinteoir ar iasacht aici a bheidh sé aon airgead dlite a fhorchúiteamh ón Roinn Gnóthaí Sóisialta, Pobail agus Teaghlaigh.

**13. Aisíocaíocht airgid leis an Roinn.**

13.1 Is faoin ósteagraíocht a bheith sé a chinntiú go n-aisíocfar an t-airgead a bheidh i gceist faoin 31 Eanáir de gach bliain den iasacht (dáta dlite). Mar sin ba cheart don ósteagraíocht, nuair a bhíonn iarratas á dhéanamh faoi alt 4,

a) gealltanas scríofa a sholáthar chuige seo agus,
b) i gcás iasachtaí a cheadófar faoi 5.2(c), litir ráthaíochta a sholáthar ó bhaincéir nó iniúchóir seachtrach na hósteagraíochta go mbeidh ar chumas na hósteagraíochta na costais a ghabhfaidh leis an iasacht a íoca.

13.2 Slánóidh an ósteagraíocht an gníomhaire íocaíochta maidir le haon chaingean dlí a d'fhéadfadh an t-iasachtaí a thionscnamh in éadan na hósteagraíochta nó an ghníomhaire íocaíochta maidir lena f(h)ostaíocht fad a bhítear ar iasacht.

13.3 Beidh an ósteagraíocht

a) faoi dhliteanas do chostas iomlán, mar a iarrfar ar bhonn bliantúil ag an ngníomhaire íocaíochta, tuarastail agus liúntas an iasachtaí, mar aon le cionroinnt ÁSPC an fhostóra agus ranníocaíochtaí aoisliúntais le linn tréimhse na hiasachta (ba cheart fiosruithe maidir le costas comhlán lena n-áirítear rátaí ranníocaíochtaí aoisliúntais a dhéanamh leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta sula ndéantar socrú iasachta) agus
b) freagrach as an ngníomhaire íocaíochta a chúiteamh, faoin dáta dlithe, as na costais seo don bhliain scoile sin.

13.4 I gcás go gcuirtear deireadh leis an iasacht ar chúis ar bith lena n-áirítear éag thréimhse na hiasachta, seo mar a dhéanfaidh an ósteagraíocht

a) é a chur in iúl don ghníomhaire íocaíochta a luaithe is a fhaightear scéala faoi chríochnú mar sin ón iasachtaí nó ó dhuine eile, agus dálaí an chríochnaithe a chur in iúl chomh maith, agus
b) glacfar dliteanas as agus cúiteoidh an gníomhaire íocaíochta, laistigh de mhí fhéilire amháin ón gcríochnú, gach costas gan íoc dlite suas go agus lena n-áirítear dáta an chríochnaithe nó, i gcás nach gcuirtear scéala pras i dtaobh an chríochnaithe chuig an ghníomhaire íocaíochta, an dáta ar a bhfaigheann an gníomhaire íocaíochta fógra mar é.

Aisíocfar aon ró-íocaíocht a dhéanfaidh an ósteagraíocht tar éis aon chostais a thabhóidh an gníomhaire íocaíochta a asbhaint.

13.5 I gcás go dteipeann ar an ósteagraíocht an t-airgead a bheas i gceist a chúiteamh faoin dáta dlite, forchoimeádann an gníomhaire íocaíochta an ceart deireadh a chur leis an iasacht láithreach.

**Download Application Form**